For in far foreign fields
from Dunkirk to Belgrade,
Lie the soldiers and chiefs
of the Irish Brigade

*– Thomas Davis*

Na Géanna Fiáine atá faoi chaibidil sna línte seo, fir a d'fhág Éire chun troid ar son a saoirse thar sáile. Is iomaí briogáid Éireannach a bhí ann, agus a throid in airm éagsúla ar fud an domhain.

Anseo ag an mbaile, tá taithí againn ar chogadh agus ar shíochán, ar an gcur faoi chois agus ar an neamhspleáchas, ar choimhlint agus ar shosanna cogaidh.

Is léiriú é an buantaispeántas seo, de dhéantáin bhunaidh, litreacha, macasamhlacha agus míreanna idirghníomhacha eile, ar an tionchar a bhí ag an tsaighdiúireacht agus ag an gcogaíocht ar shaol muintir na hÉireann.

*Trí phríomhthéama atá ann:*

- **An tSaighdiúireacht in Éirinn**
- **An tSaighdiúireacht Thar Sáile**
- **An tSaighdiúireacht san 20ú & san 21ú hAois**

Déantar na téamaí seo a chíoradh trí shúile an tsaighdiúra Éireannaigh agus trí shúile na sibhialtach a tarraingíodh isteach sa chogaíocht anseo in Éirinn.

Seomra 15

## Arm na Breataine in Éirinn

Faigh amach faoi shaol na saighdiúirí agus faoin difear a rinne Arm na Breataine do shaol mhuintir na hÉireann.

*Taipéis Stokes*



Seomra 16

## An Chogaíocht in Éirinn

Cuir eolas ar na cogaí móra agus ar na príomhiarrachtaí ar éirí amach idir 1550 agus 1800.

*Clogad rúnda*



Seomra 17a

## Na Géanna Fiáine

Bhí páirt thábhachtach leis na céadta bliain ag saighdiúirí Éireannacha in airm ar fud na hEorpa.

*Bratach Reisimint Uí Dhiollúin*



Seomra 17b

## Gaeil i gCogadh Cathartha Mheiriceá

Bhí imircigh Éireannacha ar fianas ar dhá thaobh Chogadh Cathartha Mheiriceá.

*Trealamh an 69ú Reisimint*



Seomra 18

## Gaeil i Seirbhís na Breataine

Cuir eolas ar na Gaeil a bhí ar fianas in Arm na Breataine ar fud an domhain

*Éide na gcótaí dearga: 71ú Reisimint na nGarbhchríoch c. 18166*



Seomra 19a

## Gaeil sa Chéad Chogadh Domhanda

Throid os cionn 200,000 Gael in Arm na Breataine sa Chéad Chogadh Domhanda, agus d'oibrigh na mílte eile Gael, idir fhir agus mhná, ar seirbhís cogaidh anseo in Éirinn.

*Ealaín trinse ar bhonn sliogán*


*Florence Lee a rinne muinisin*





## Plean an Chéad Urláir

* NÍL an Mapa de réir Scála









Seomra 20b

## Cogaí na hÉireann: *Cogaí Cathartha*

Thit cogadh cathartha amach nuair a d'éirigh idir iarchomrádaithe mar gheall ar an gcineál stáit nua a bheadh ann.

*Éide Liam Lynch*



Seomra 20a

## Cogaí na hÉireann: *Cogadh na Saoirse*

Cuir eolas ar an troid ar son na saoirse in Éirinn, a fhearadh trí ghníomhartha míleata, easumhlaíocht shibhialta agus cogaíocht faisnéise.

*Piostal ceilte i leabhar*


POBLACHT NA H EIREANN.
THE PROVISIONAL GOVERNMENT OF THE
IRISH REPUBLIC
TO THE PEOPLE OF IRELAND.

Seomra 19b

## 1916: Éirí Amach na Cásca

Cuir eolas ar fhir agus ar mhná a bhí páirteach in Éirí Amach 1916 agus ar an gcúrsa as sin go saoirse na hÉireann.

*Forógra 1916*

*Suaitheantas Chumann na mBan*

Seomra 27a
## An Náisiún a Chur ar Taispeáint

Tá os cionn 2 mhilliún duine tar éis cuairt a thabhairt ar an taispeántas 'Saighdiúirí & Taoisigh' ó osclaíodh é in 2006.

Tá míreanna bronnta ag cuid acu ar an taispeántas agus ní féidir gach mír a fuarthas a chur ar taispeáint sa phríomhthaispeántas. Tá spás príobháideach taispeántais cruthaithe againn chun cuid acu a chur ar taispeáint anseo.

Táimid faoi chomaoin ag na daoine a bhronn an t-ábhar seo i dtaobh a dteaghlaigh féin orainn. Is breá linn ceisteanna a fhreagairt mar gheall ar ábhar a bhronnadh.

Seomra 27b
## Gailearaí Sealadach Taispeántais

Iarr eolas ar thaispeántais reatha ag an deasc fáilte.

Seomra 25 & 26
## Guthanna Aisghafa: *Scéalta faoi na Gaeil i mbun Cogaíochta 1914-1915*

Cuir eolas ar thaithí na nGael ar an gCéad Chogadh Domhanda trí scéalta na bhfear agus na mban seo a bhí ar fianas ar an Líne Thosaigh.

*Póstaer Earcaíochta, 1915*








Seomra 24
## Seomra Shaol na mBeairicí

Gheofar sa seomra seo léargas ar an saol a bhí ag saighdiúirí sna Beairicí sa 19ú agus san 20ú haois.

Atógadh an seomra mar mhacasamhail de sheomra beairice i 1879 agus i 1943, agus is féidir le cuairteoirí triail a bhaint as an éide agus lámh a chur ar na déantáin, chomh maith le tuiscint a fháil ar an stair trí ríomhchláir idirghníomhacha.



Seomra 23
## An tSíochāin a Chosaint

Cuir eolas ar sheirbhís na nGael, idir fhir is mhná, ar mhisin síochánaíochta na Náisiún Aontaithe.

*Seaicéad frith-aerárthaí*



Seomra 22
## An Éigeandáil agus an Dara Cogadh Domhanda

Cuir eolas ar thionchar an Dara ~~Chogaidh~~ Dhomhanda ar Éirinn, agus ar na Gaeil, idir fhir is mhná, a bhí ar fianas thar lear in airm iasachta.




*Caille Altra in Arm na hÉireann*

*Clibeanna aitheantais shaighdiúir Éireannaigh in Arm na Breataine*

Seomra 21b
## Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann


Cuir eolas ar an tseirbhís chabhlaigh in Éirinn sa 19ú agus sa 20ú haois


*Bád Bheanntraí, 1796*



# Plean an Bhunurláir

*NÍL an Mapa de réir Scála




Seomra 21a
## An Todhchaí a Éileamh

Cuir eolas ar Arm na hÉireann sa stát nua.

*Tanc Landswerk*



# Eolas Ginearálta

**Saorchead isteach**

**Slí isteach do dhaoine faoi mhíchumas**
Tá slí ag cathaoireacha rotha isteach i ngach gailearaí agus tá ardaitheoirí i ngach sciathán den ghailearaí.

**Seomra Cótaí**
Is féidir cótaí agus mar sin de a fhágáil ag an príomhdheasc fáilte.

Is seirbhís saor in aisce í.

**Cláir Oideachais agus For-rochtana**
Cuir eolas ar bhailiúcháin an Mhúsaeim trí na cláir Oideachais agus For-rochtana, ar a n-áirítear turais threoraithe, ceardlanna agus taispeáintí, turais 'Taobh Thiar de na Radhairc', léachtaí, seisiúin láimhseála, bileoga gníomhaíochta do pháistí agus do theaghlaigh.

Gheofar tuilleadh eolais ar a bhfuil ar siúl sa Mhúsaem i bhFéilire Imeachtaí an Mhúsaeim.

**Taispeántais Shealadacha**
Gheofar eolas ar thaispeántais shealadacha, idir thaispeántais reatha agus taispeántais a bheidh ann go luath, ón bhfoireann ag an deasc fáilte.

**Caifé an Mhúsaeim**

Bíonn caife, tae, cistí, ceapairí agus béilí blasta le ceannach i gCaifé an Mhúsaeim.



Ar oscailt le linn uaireanta an Mhúsaeim.

**Siopa Féiríní an Mhúsaeim**
Gheofar rogha mhór leabhar, féiríní, cártaí poist mar aon le míreanna seodra, ceirmeachta agus teicstílí a coimisiúnaíodh go speisialta. Tá sé suite san ionad fáilte, agus bíonn sé ar oscailt le linn uaireanta an Mhúsaeim.

**Cuimhneachán ar an Taispeántas**
Tá treoirleabhar le pictiúir i dtaobh an taispeántais 'Saighdiúirí agus Taoisigh' ar fáil i Siopa Féiríní an Mhúsaeim.




museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Decorative Arts & History


**Dún Uí Choileáin,**
Sráid na Binne Boirbe,
Baile Átha Cliath 7.

www.museum.ie

**Ar oscailt:**
Dé Domhnaigh & Dé Luain óna 1 go dtí a 5
Máirt go Satharn óna óna 10 go dtí a 5

**Dúnta:**
Lá Nollag & Aoine an Chéasta


# Plean na nUrlár
## Gaeilge





museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Decorative Arts & History

05/20